Is féidir le léarscáileanna beocht a chur sa tíreolaíocht inár seomraí ranga toisc go bhfuil siad idirghníomhach, físiúil agus tarraingteach. Agus iad ag obair le léarscáileanna OS, is féidir le scoláirí, mar shampla, nithe is díol spéise do thurasóirí, líonraí iompair agus seirbhísí ina gceantar áitiúil a aithint. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh trína n-éirchód a chur isteach sa léarscáil OS. Is féidir le scoláirí a gcuid eolais áitiúil a úsáid ansin chun tosú a aithint seirbhísí agus líonraí iompair ar an léarscáil. Tarraingíonn sé sin spéis gach foghlaimeora inár seomra ranga agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht na scoláirí le scileanna tíreolaíochta agus iad ag léirmhíniú agus ag breathnú ar léarscáileanna OS.

Chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an gceantar áitiúil, is féidir úsáid a bhaint as ár ngrianghraf idirghníomhach geolaíochta agus cairéil cabhrú le scoláirí geolaíocht áitiúil a fhiosrú.



Tíreolaíocht

Is bealach éifeachtach é gníomhaíochtaí a sheicheadh, go háirithe trí phictiúir, chun cumas gach foghlaimora a chur san áireamh inár seomraí ranga. D'úsáid muid gníomhaíocht seicheadh chun tacú le tuiscint na scoláirí ar an monarcha mar chóras agus ar na hidirnaisc idir amhábhair agus earraí monaraithe. Cliceáil ar na híomhánna thíos chun teacht ar an teimpléad.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

Seicheadh (Obair Ghrúpa)

Ainm agus sulomh na monarchan áitiúla _____
Cuir na pictiúir san ord ceart chun monarcha a thaispeáint mar chóras.

[Cuir pictiúir isteach anseo] → [Cuir pictiúir isteach anseo] → [Cuir pictiúir isteach anseo]

[Cuir pictiúir isteach anseo] ← [Cuir pictiúir isteach anseo] ← [Cuir pictiúir isteach anseo]

[Cliceáil anseo chun an leagan inearghóireachta a íoslódáil.](#)

www.jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

Gníomhaíocht Seichimh Tayto

(Obair Ghrúpa): Cuir na pictiúir san ord ceart chun a thaispeáint conas a dhéantar brioscáin phrátaí Tayto




www.jct.ie

Chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an seomra tíreolaíochta cuimsitheach agus chun tacú le pleanáil do scoláirí atá ag leanúint Cláir Foghlama Leibhéal 2, déanann ár bhfísghabháil scáileáin Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2 iniúchadh ar chleachtas sa seomra ranga agus ar phleanáil do Chláir Foghlama Leibhéal 2. Taispeánann sé conas is féidir le scoláirí a gcuid foghlama a dhéanamh ag leibhéal 2 agus páirt iomlán a ghlacadh in aonad foghlama chun a dTorthaí Foghlama a shroicheadh agus a lánacmhainneacht a bhaint amach.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

CFL2 a bheith ina chuid d'aonad foghlama

An tAonad Oibríoch
Department of Education



Cliceáil ar an íomha thuas

Ar deireadh, is féidir tuilleadh tacaí maidir le pleanáil do CFL2na agus ár nacmhainní tíreolaíochta go léir a fháil faoi **Acmhainní** sa rannóg Tíreolaíochta de shuíomh gréasáin SSM.

Tá sé mar aidhm ag oideachas cuimsitheach i matamaitic na sraithe sóisearaí a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoláire, beag beann ar a gcúlra nó ar a gcumas, ar oideachas matamaitice atá tarraingteach, dúshlánach agus ábhartha. Tá cleachtais chuimsitheacha leabaithe isteach ag foireann na matamaitice mar chuid dár gceardlann FGL san ábhar agus chuir siad roinnt acmhainní neamhspleácha ar fáil do mhúinteoirí chun cabhrú leis an gcleachtas cuimsitheach, lena n-áirítear mír fhéinstiúrtha chun tacú le múinteoirí nach bhfuil cur amach acu ar chláir foghlama leibhéal a dó (CFL2anna).

FGL Ábhair Lárnach:

Dhírigh ár **lá FGL ábhair 2022/2023** ar an scoláire a chur i gcroílár na foghlama trí rochtain agus dúshlán a chur ar fáil do chách. Thacaigh muid le múinteoirí agus iad ag smaoineamh ar thascanna matamaiticiúla agus conas a d'fhéadfaí iad a úsáid agus tacaíocht a thabhairt dóibh sa seomra ranga nó iad a chur in oiriúint, chun rochtain agus dúshlán a thabhairt do chách. Is é atá i gceist le cur chuige cuimsitheach i leith mhatamaitic na sraithe sóisearaí múinteoirí a bheith ag úsáid **réimse straitéisí** chun freastal ar riachtanais agus ar chumais foghlama éagsúla a gcuid scoláirí. D'fhéadfaí úsáid na n-ilphointí iontrála a chur san áireamh anseo, éagsúlacht i modhanna cumarsáide, obair ghrúpa agus teicneolaíochtaí foghlama digiteacha. In oideachas cuimsitheach i matamaitic na sraithe sóisearaí, bímid ag iarraidh na bacainní a aithní a d'fhéadfadh a bheith ag roinnt scoláirí chun rochtain a fháil ar oideachas matamaitice agus aghaidh a thabhairt orthu sin.

ROCHTAIN 8 DÚSHLÁN Á GCUR I NGNÍOMH

Roinnt cúinsí chun tasc matamaiticiúil a oiriúnú nó a mhodhnú

ILIONAD POINTÍ IONTRÁLA
Tugann tascanna le hionad pointí iontrála leis do gach scoláire teacht ar choincheap agus bíonn sé indéanta tasc a thabhairt freisin.
I measc na straitéisí molta tá: 'Ina oiread bealaí agus is féidir' nó 'T'gónaí, uaireanta, rianmh'

ACMHAINN
Trí lámhseoga nithiúla éagsúla a thabhairt isteach nó an fhadhb mhatamaiticiúil a léiriú ar níos mó ná bealach amháin, tugtar deis do scoláirí inneachar a rochtain ach cur lena gcuid rannpháirtíochta freisin.
I measc na straitéisí molta tá: iliomad uirlí, lámhseoga a úsáid

IDIRPHLE
Má thugtar deiseanna isteach le haghaidh idirphlé sa seomra ranga trí cheistiú pleanáilte, aiseolas pírlaí agus critéir ratha, cabhairleat leis an bhfoghlaim do chách.
I measc na straitéisí molta tá: tascanna tascéalaíochta agus imscrúdaíthe, príomhcheisteanna agus obair ghrúpa

ROGHA
Tugann 'rogha' deiseanna do scoláirí triail a bhaint as móidheáltaí éagsúla chun easáid a bhaint as smaoineamh nó a bhfuil ar eolas acu a chur in iúl. Má chuirtear réimse roghanna ar fáil, is féidir le scoláirí foghlaim níos fíréanaí a dhéanamh.
I measc na straitéisí molta tá: tascanna ceannoscailte, acmhainní a athrú, iliomad pointí iontrála

TEICNEOLAÍOCHTAÍ FOGHLAIM DHIGITEACH
Tugann teicneolaíochtaí foghlaim dhigiteach deiseanna chun inneachar a chur i léithair ar iliomad bealaí, iníochadh níos doimhne a dhéanamh ar choincheapa agus léigean do scoláirí a gcuid foghlama a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.
I measc na straitéisí molta tá: lámhseoga digiteacha (GeoGebra, CODAP, Desmos), feidhmchlár chur i léithair (PowerPoint), grafaicí faisnéise, físeáin, comhad fuaime

LUAS SOLÚBHTHA
Trí easáid a bhaint as cur chuige solúbtha i leith tascanna ambanasithe, tugtar deis do scoláirí dul i ngleic le tascanna agus iad a chur i gcorlach ar an luas is oiriúnaí don fhoghlaim.
I measc na straitéisí molta tá: tascanna ceannoscailte, obair thionscadáil, punanna

ROCHTAIN 8 DÚSHLÁN Á GCUR I NGNÍOMH

Roinnt cúinsí chun tasc matamaiticiúil a oiriúnú nó a mhodhnú

SPREAGADH
Breithnigh cad é a spreagfadh scoláirí dul i ngleic le tascanna a bhíonn ag éirí níos díshlánaí agus fanacht ina gceann go deireadh.
I measc na straitéisí molta tá: stór focal don bhunseasmhacht a theagasc, ceisteanna ceannoscailte, sonraí barántúla agus tascanna ón bhforshuí a úsáid


TORADH
Ach an t-inneachar, an t-ábhar, an spreagadh nó an tasc céanna a thabhairt ar dhóigh sholúbtha maidir leis an toradh, an t-áire agus nó an próiseas inniúla, is féidir deiseanna a chur in iúl do gach scoláire an fhoghlaim a rochtain agus i a thabhairt ag leibhéal is fearr a oireann dóibh.
I measc na straitéisí molta tá: intinní foghlama agus critéir ratha a úsáid, mar aon le tascanna ceannoscailte, imscrúdaíthe matamaiticiúla

LÉIGH/ÉIST/FEÁCH
Deiseanna foghlama a chur ar fáil do scoláirí ina mbliain rogha acu i dtaca leis an gcóir a rachadh siad i ngleic le coincheap.
I measc na straitéisí molta tá: acmhainní ímhódacha, uirlí iolracha, imscrúdaí matamaiticiúla a úsáid

TACAÍOCHT
Seiceáil isteach ar dhul chun cinn foghlama do scoláirí chun cinneadh a dhéanamh faoin méid tacaíochta nó forbartha atá ag teastáil.
I measc na straitéisí molta tá: aiseolas foirmitheach dirthe, soilse tráchta, tioldáil scór

MODH CUMARSÁIDE
Is léir gur féidir le tascanna cumarsáide tacú le rochtain do gach foghlaimoir.
D'fhéadfaí modhanna éagsúla cumarsáide cur leis na deiseanna rannpháirtíochta a bhíonn ann.
I measc na straitéisí molta tá: intinní foghlama agus critéir ratha, aiseolas scríofa, nóial gutha

Mata



FGL féinstiúrtha:

Mar fhreagra ar riachtanais a d'aithin múinteoirí, d'fhorbair muid **acmhainn FGL fhéinstiúrtha** do mhúinteoirí mar chuid dár lá FGL san ábhar. Thug an acmhainn seo forléargas do mhúinteoirí ar Chláir Foghlama Leibhéal a Dó agus thug sí tacaíocht chun naisc a dhéanamh idir foghlaim d'aonaid tosaíochta foghlama agus foghlaim do shonraíocht mhatamaitice na sraithe sóisearaí ag leibhéal 3. Measadh go bhféadfadh an dearadh uilíoch don fhoghlaim (DUF) tacú leis an oideachas cuimsitheach. Cuireann DUF dearadh timpeallachtaí foghlama solúbtha chun cinn a fhreastalaíonn ar Riachtanais foghlama an scoláire aonair.

Acmhainní:

Ar shuíomh gréasáin Matamaitice SSM tá **acmhainn nasctha** curtha ar fáil againn chun iniúchadh a dhéanamh ar naisc idir torthaí foghlama ATF CFL2 agus torthaí foghlama shonraíocht mhatamaitice na sraithe sóisearaí.

Tá roinnt samplaí de thascanna le haonad foghlama, agus acmhainní DUF curtha ar fáil againn freisin.

Oideachas Réiligiúnach

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE
for teachers:

RE

"Spreagann Oideachas Reiligiúnach [OR] ... meas agus tuiscint ar chreidimh, dearthaí agus bealaí maireachtála éagsúla, lena n-áirítear an fhreagairt reiligiúnach agus neamhreiligiúnach ar eispéireas an duine".


(Sonraíocht OR, lth. 6).

Is pointe iontrála úsáideach é an deismireacht seo agus téama an chuimsithe in OR á bhreithniú. Ní thugann an tsonraíocht tús áite d'aon chruinneshamhail reiligiúnach nó neamh-reiligiúnach amháin ach riarann sé ar gach creideamh agus ar easpa creidimh.

Léiríonn an t-athfhriotal freisin luach OR chun cur go dearfach le sochaí iolraíoch chuimsitheach. Trína rannpháirtíocht le traidisiúin reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha éagsúla, tá ról ag OR maidir le haitheantas a thabhairt ar an rud dá dtagraíonn Sandra Cullen 'ár ndaonnacht chomhroinnte'.

In imeacht FGL OR SSM le déanaí, 'Bealaí chun Amharc agus chun Foghlaim i Seomra an OR', chomhoibrigh muid le Jenny Siung ó Chester Beatty agus leis an Dr. Patricia Kieran ó Choláiste Mhuire gan Smál chun éagsúlacht reiligiúnach agus cleachtais chuimsitheacha a fhiosrú. Cuireadh tús leis an ócáid seo trí mhachnamh a dhéanamh ar shaibhreas na hiolracha reiligiúin agus creidimh i sochaí na hÉireann agus ar na himpleachtaí a bheadh aige do ORSS.

Rinne muid iniúchadh ar an gcaoi ar féidir déantáin naofa a úsáid chun tacú le foghlaim ghníomhach agus chuimsitheach. Tá sé mar aidhm ag acmhainn Chester Beatty Bealaí Féachana II, atá deartha i gcomhar le OR SSM, tacú le foghlaim faoi agus ó reiligiúin dhomhanda éagsúla sa seomra ORSS. Soláthraíonn an acmhainn seo naisc le déantáin reiligiúnacha éagsúla ó bhailiúchán Chester Beatty a bhaineann le TFanna 1.1, 1.8, 1.9, 2.3, 2.5 agus 3.1.



*Níl cóip Ghaeilge ar fáil go fóill

Oideachas Réiligiúnach

Labhair an Dr. Kieran linn faoi na buntáistí a bhaineann le foghlaim bunaithe ar réada [OBL] a úsáid sa seomra OR, modheolaíocht atá mar chuid de chur chuige dialógach i leith na foghlama a bhfuil sé mar aidhm aige iontas agus fiosracht a spreagadh. Tacaíonn OBL le cuimsiú trí gach foghlaimeoir a mhealladh trí am a thabhairt atá scartha ó na modhanna ceannasacha foghlama ar nós na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Trí dhéantán naofa ó thraidisiúin reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha éagsúla a úsáid sa seomra OR is féidir tacú le foghlaim gach foghlaimeora ina cheann, ina chroí agus ina lámha.



Is bunchloch de ORSS é an cuimsiú i bhfianaise na caoi a n-oibríonn múinteoirí OR go crua chun réimse de chruinnshamhlacha éagsúla saibhre a chur san áireamh mar chuid d'fhoghlaim a gcuid scoláirí.



Eolaíocht

Is í aidhm na foirne tacú le múinteoirí Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí agus iad a chumhachtú chun eispéiris foghlama shaibhre tharraingteacha a dhearadh a thabharfaidh tacaíocht, rochtain agus dúshlán do gach foghlaimeoir ina seomraí ranga. Tabharfaidh sé seo deis do gach foghlaimeoir sa seomra ranga páirt a ghlacadh, taithí a fháil ar an rath agus a gcumas a bhaint amach.

Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF):

Éascaíonn torthaí foghlama pleanáil don fhoghlaim trí úsáid a bhaint as dearadh uilíoch ina ndéantar riachtanais éagsúla gach scoláire a mheas ón tús. 'Is uirlis iad Treoirlínte DUF a úsáidtear chun an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur i bhfeidhm. Tugann na treoirlínte seo sraith de mholtaí nithiúla ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar aon disciplín nó fearann lena chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir teacht ar dheiseanna foghlama fiúntacha dúshlánacha agus páirt a ghlacadh iontu. (An Lárionad um Theicneolaíocht Speisialta Fheidhmeach, 2022).

I gcomhar **FGL 2022/2023**, bhreathnaigh múinteoirí ar acmhainní éagsúla a fuarthas ar fud na hÉireann mar chur chuige chun dul i ngleic le DC10 lena féidir cúlraí geografacha éagsúla na scoláirí, réamhfhoghlaim, nó comhthéacs áitiúil na scoile a chur san áireamh.

Mar chuid de Chnuasach **FGL 2020/2021**, phleanáil muid na heispéiris foghlama a bhí dírithe ar phortaigh agus ar aigéin, ag tacú leis an smaoineamh faoi chur chuige áitiúil agus pobail i leith an teagaisc agus na foghlama. Fágann sé sin go mbíonn an fhoghlaim níos ábhartha do na scoláirí agus go n-úsáidtear an fhoghlaim seo i gcomhthéacsanna nach mbíonn cur amach acu orthu.

An féidir leat an t-ábhar a mheaitseáil leis an suíomh as a mbaintear é?

Seomra ar an lmeall 1: Measc agus Meaitseáil -Trearacha: Meaitseáil an litir agus na hacmhainní leis an suíomh ar an léarscáil. Nuair a chuirtear in ord é seo nochtfar focal.


1: 2: 3: 4: 5: 6: 7: 8:

*Cliceáil ar an íomhá
chun rochtain a fháil ar an hacmhainn*

Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030:

Sa **Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe** (OFI go 2030) 'cuirtear creat ar fáil chun stiúradh agus tacaíocht a thabhairt don rannchuidiú atá á dhéanamh ag an earnáil oideachais agus a bheidh sí a dhéanamh i dtreo todhchaí inbhuanaithe faoi 2030' (OFI go 2030, 2022, lch.7).

Tugann sé léargas ar an gcaoi ar féidir tacú le múinteoirí chun daoine óga a spreagadh agus a chumhachtú leis na hinniúlachtaí chun an bealach a smaoiníonn siad a athrú agus oibriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe. Tá an cuimsiú ina bhunphrionsabal den straitéis sin freisin.



Beidh sé mar aidhm ag an Straitéis díriú ar luachanna agus cuimsiú a chur chun cinn mar bhealach chun an duine aonair agus an pobal a chumhachtú. Tá sé mar aidhm aici teicnící oideolaíocha éagsúla a chur chun cinn a thacaíonn le foghlaim chuimsitheach agus ghníomhach, smaointeoireacht chriticiúil, agus forbairt príomhscileanna, a bhfuil gach ceann acu mar bhonn agus mar thaca le hacmhainní FGL atá deartha ag foireann Eolaíochta SSM.

Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun tacú le cuimsiú:

Trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa seomra ranga, tugtar deiseanna do scoláirí dul i ngleic lena gcuid foghlama, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cumarsáid a dhéanamh lena bpiaraí agus lena múinteoir. Is féidir le scoláirí oibriú ar an luas is fearr a oireann dá láidreachtaí agus dá gcumas foghlama aonair. Tá roinnt tacaí seomra ranga digiteacha **ar shuíomh gréasáin Eolaíochta SSM** a thacaíonn le cuimsiú gach foghlaimeora.

Ina measc sin, tá sraith **d'Fhoirmeacha Microsoft/Google** ina bhfuil measúnuithe atá ailínithe leis na torthaí foghlama. Tá tacaí ar shuíomh gréasáin SSM freisin ar an gcaoi chun **suíomh Google a chruthú** agus conas **Thinglink** a chur le chéile. Is féidir le scoláirí a suíomh Google féin a úsáid mar ríomhphunann agus suíomh lárnach a bheith acu chun obair, tascanna, tionscadail, nótaí ranga, nó ailt taighde ábhartha a stóráil.

Áirítear le taca digiteach eile Genial.ly ar ghuaiseacha na taiscéalaíochta spáis. Faightear istigh ann eispéiris eolais agus foghlama trí mheáin éagsúla. Tugann an acmhainn ranga seo deis do scoláirí an bealach is fearr leo a roghnú chun dul i ngleic leis an bhfoghlaim atá ailínithe le D&S 8.

Ar an gcaoi chéanna, tá **ár n-acmhainn dhigiteach ar dhéanamh nótaí** ó Chnuasach 2021/2022 ar fáil. Tugann an acmhainn seo deis do gach foghlaimeoir dul i ngleic leis an scil a bhaineann le nótaí a dhéanamh agus a bheith inniúil ar an scil sin.



Buaicphointe amháin de Chunaslá na bliana seo is ea an leagan digiteach den straitéis mheasúnaithe **Smaointeoireacht Heicseagánach**. Is féidir í a úsáid mar eispéireas foghlama bunaithe ar pheann agus páipéar agus is féidir é a chur in oiriúint do gach foghlaimeoir trí íomhánna a chur isteach in ionad eochairfhocal nó trí phríomhthéarmaí a shimpliú ar an gcúl chun tacú le scoláirí a mbeadh treoir nó cuidiú breise ag teastáil uathu. Is uirlis dhigiteach eile é CODAP, atá le feiceáil i gCnuasach 2021/2022, chun sonraí a chuardach agus a anailísiú atá inrochtana ag gach foghlaimeoir freisin.

Tacaítear le foghlaim an scoláire le linn 3 bliana na Sraithe Sóisearaí trí mheasúnú foirmitheach, lena n-áirítear aiseolas inghníomhaithe, rud a dhéanann an measúnú níos cuimsithí i leith gach foghlaimeora. Rinneadh iniúchadh air seo in FGL na bliana seo.



Mar fhocal scoir, leanfaidh foireann Eolaíochta SSM ag tacú le forbairt ghairmiúil na múinteoirí Eolaíochta, ag iarraidh tacú le gach foghlaimeoir trí rochtain agus dúshlán a sholáthar do chách ina seomraí ranga.

Amharc-Ealaín

'An Fhoghlaim a Thabhairt chun Beatha: Ag tacú le scoláirí a bhíonn ag gabháil de Chláir Foghlama Leibhéal 2 sa Seomra Amharc-Ealaíne'.

Oideachas Cuimsitheach: Cuimsíonn an t-eispéireas oideachasúil na scoláirí uile agus cuireann sé le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

An Creat don tSraith Shóisearach (2015)

I mbliana, ba ar an gCuimsitheacht a dhírigh foireann na hAmharc-Ealaíne go príomha don imeacht ar líne Féile na Foghlama Gairmiúla. Mar chuid den tionscnamh seo, chraol muid ceardlann tráthnóna dar teideal 'An Fhoghlaim a Thabhairt chun Beatha: Ag tacú le scoláirí a bhíonn ag gabháil do chláir Foghlama Leibhéal 2 sa Seomra Amharc-Ealaíne'.


Bhí sé mar aidhm ag an gceardlann ná cabhrú le múinteoirí Amharc-Ealaíne feabhas a chur ar a gcuid eolais ar Chláir Foghlama Leibhéal 2, cé dó a bhfuil na cláir deartha, agus struchtúr na gclár sin. Ina theannta sin, bhreathnaigh muid ar phleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú, chun freastal ar riachtanais éagsúla na scoláirí go léir sa seomra Amharc-Ealaíne.

Ba mhaith linn aird a tharraingt ar na hacmhainní a chabhraigh lenár gcuid foghlama in imeacht ar líne na bliana seo agus iad a roinnt. Faightear nasc thíos, taifeadadh den cheardlann agus an doiciméad tacaíochta a ghabhann léi, mar áis duit.



***Cliceáil ar na íomhánna
chun rochtain a fháil ar na hacmhainní***

****Níl cóip Ghaeilge ar fáil go fóill.***



Tagraíonn cuimsiú don chleachtas a chinntíonn go gcuirtear fáilte roimh chách, go nglactar leo, agus go mbíonn meas orthu beag beann ar a gcuid difríochtaí. Ciallaíonn sé difríochtaí a aithint, meas a léiriú orthu agus timpeallacht a chruthú ina bhfuil comhdheiseanna ag gach duine a bheith rannpháirteach agus rochtain a fháil ar na deiseanna, ar na hacmhainní agus ar an tacaíocht chéanna. Nuair a bhíonn rochtain ag gach scoláire ar na deiseanna céanna, is mó an seans go gcreidfidh siad ina gcumas féin go n-éireoidh leo.

Tá an t-ionchuimsiú tábhachtach mar gheall ar an mothú muinteartha, glactha, pobail agus folláine a chothaíonn sé. Nuair a bhraitheann scoláirí go bhfuil siad cuimsithe, is mó an seans go nglacfaidh siad páirt sa rang, go gcuirfidh siad ceisteanna agus go nglacfaidh siad rioscaí, rud a fhágann go mbeidh torthaí acadúla níos fearr ann. Tá an smaoineamh seo á chur chun cinn ag an Dr. Liam Printer a ghnóthaigh a dhochtúireacht trí staidéar a dhéanamh ar conas inspreagadh intreach scoláirí a mhéadú. Fuair sé amach nuair a mhothaíonn scoláirí níos gaolmhaire, go mbíonn siad níos inspreagtha go bunúsach chun an teanga a fhoghlaim agus chun leanúint lena staidéar uirthi.



Chun sochaí atá fíor-chuimsitheach a chruthú, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na bacainní a chuireann cosc ar ghrúpaí áirithe páirt iomlán a ghlacadh agus rochtain a fháil ar dheiseanna. Is gné den oideachas é an t-ionchuimsiú a ndéanann an SSM freastal uirthi go maith, i soláthar oiliúint-tí agus ár Laethanta FGL araon. Níl sa Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim ach ceann amháin de na huirlisí a éascaíonn an coincheap seo agus a cheadaíonn é a úsáid i mbealach praiticiúil mar shampla, tá dathanna, méid agus cineál an chló a úsáidtear inár gcur i láthair ag teacht le dea-chleachtas Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim.

Gaeilge

Anuas air sin, cuirimid roghanna ar fáil do rannpháirtithe idir na gníomhaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo a dhéanamh, cuirimid fotheidil ar fhíseáin, cuirimid an t-ábhar céanna ar fáil i bhformáidí éagsúla, cuirimid go leor bealaí ar fáil do rannpháirtithe an méid a d'fhoghlaim siad a chur in iúl ó bhéal trí na micreafóin a dhíbhalbhú, i scríbhinn tríd an áis chomhrá, trí theicneolaíocht trí úsáid a bhaint as cláir ar nós JamBoard, Mentimeter nó Sleamhnáin Google agus, ar deireadh, cuirimid go leor bealaí éagsúla foghlama ar fáil do rannpháirtithe ar nós deiseanna machnaimh, obair aonair, obair bheirte agus obair ghrúpa.




Trí ionchuimsiú i scoileanna a chur chun cinn, is féidir linn comhbhá, tuiscint agus feacht shóisialta a chothú, agus scileanna riachtanacha a thabhairt do scoláirí le go n-éireoidh leo i ndomhan atá ag éirí níos éagsúla gach uile lá. Is fúinne go léir atá sé, oideachasóirí, tuismitheoirí agus scoláirí araon, oibriú le chéile i dtreo sochaí níos cuimsithí agus níos cothroime.

Na Nuatheangacha lasachta

De réir na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, sainmhínítear cuimsiú "mar phróiseas chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht riachtanais foghlaimeoirí agus freagairt dóibh" (CNOS, 2011). Léirítear é sin in acmhainní agus i modúil roghnacha Chnuaslaethanta roimhe seo a dearadh chun freastal ar riachtanais mhúinteoirí NTI ar fud na tíre. Ós rud é go raibh an cuimsiú mar fhócas ar ár gcnuaslá ar líne le déanaí, scrúdaigh múinteoirí NTI na hacmhainní seo a leanas chun tacú le cur chuige cuimsitheach i leith mhúineadh na Nuatheangacha lasachta.

- **Rochtain agus Dúshlán:** Rinne múinteoirí NTI iniúchadh ar an gcaoi ar féidir le pleanáil don fhoghlaim freagairt d'inathraitheacht na scoláirí i seomraí ranga teanga trína chinntiú go mbíonn eispéiris foghlama solúbtha go leor chun go mbeidh rochtain ag scoláirí ar an bhfoghlaim ag a leibhéal féin agus chun dúshlán a chur rompu ag an am céanna
- **Cláir Foghlama Leibhéal 2:** Rinne múinteoirí NTI iniúchadh ar Chláir Foghlama Leibhéal 2 agus ar shraith phleanála a dearadh chun a bheith solúbtha go leor chun gach scoláire a bheith san áireamh i bhfoghlaim ranga NTI, lena n-áirítear scoláirí a leanann Cláir Foghlama Leibhéal 2
- **Punann Teanga na Scoláirí:** D'fhiosraigh múinteoirí NTI Punann Teanga na Scoláirí agus conas is féidir í a fhorbairt chun tacú le turais foghlama aonair na scoláirí agus chun cultúr cuimsithe a thógáil sa seomra ranga NTI
- **Cúig Scil Teanga:** Rinne múinteoirí NTI iniúchadh ar acmhainn fhéintreoraithe chun straitéisí teagaisc a aimsiú a thacaíonn le rochtain agus le dúshlán sna cúig scil teanga.



*Clliceáil ar na íomhá
chun rochtain a fháil ar an acmhainn*

Na Nuatheangacha lasachta

FGL roghnach:

Tacaíonn na ceardlanna roghnacha seo a leanas le cur chuige cuimsitheach i leith an teagaisc i seomra ranga na Nuatheangacha lasachta.

- **Neamhspleáchas na scoláirí in NTI:** Sa taifeadadh seo dár n-imeacht fhoghlama ar líne le déanaí leis an aoichainteoir, an Dr Liam Printer, phléigh muid conas is féidir leas a bhaint as neamhspleáchas na scoláirí sa seomra NTI chun tacú le cultúr cuimsitheach agus chun tacú le forbairt spreagadh intreach i ngach scoláire.
- **Measúnú Foirmitheach in NTI:** Tacaíonn ár sraith d'acmhainní ar mheasúnú foirmitheach i Nuatheangacha lasachta le múinteoirí measúnú foirmitheach a chur i bhfeidhm ina gcleachtas laethúil chun tacú le gach scoláire aonair a gcuid foghlama a thuiscint agus a bhogadh ar aghaidh. Cuireann teicnící éifeachtacha an mheasúnaithe fhoirmithigh ar chumas múinteoirí freagairt do riachtanais aonair scoláirí san fhoghlaim agus cabhraíonn siad le cultúr cuimsitheach a chothú sa seomra ranga.



*Cliceáil ar na íomhá
chun rochtain a fháil ar an acmhainn*

**Níl cóip Ghaeilge ar fáil go fóill.*

Corpoideachas

Baineann cuimsiú le muintearas le sochaí éagsúil agus le bheith rannpháirteach inti. Tá timpeallacht chuimsitheach iomlánaíoch agus aithníonn sí an rannchuidiú uathúil a dhéanann duine aonair do shaibhreas pobail ilghnéitheach. Leagann cleachtas chuimsitheach an bonn le haghaidh rannpháirtíochta gach duine laistigh de phobal éagsúil.

Cruthaíonn cuimsiú sa seomra ranga timpeallacht ina mothaíonn gach scoláire go bhfuil tacaíocht intleachtúil agus acadúil acu agus ina leathnaítear braistint muintearas sa seomra ranga beag beann ar fhéiniúlacht, roghanna foghlama nó oideachas.

Cuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) in Éirinn síos ar an gcuimsiú mar ‘...próiseas chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht riachtanais na bhfoghlaimoirí agus chun freagairt dóibh. Baineann sé le fáil réidh le bacainní ionas go mbeidh gach foghlaimoir in ann an leas is mó a bhaint as ac(h)uid scolaíochta’ (CNOS, 2011)

“Tá sé mar aidhm ag sonraíocht Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí scoláirí a fhorbairt mar rannpháirtithe inniúla agus muinéineacha sa ghníomhaíocht choirp i raon gníomhaíochtaí coirp.” (Sonraíocht 135 uair an chloig, lch.5). Aithnítear go bhfuil soláthar clár leathan cothromaithe sa Chorpoideachas tábhachtach chun tacú le gníomhaireacht scoláirí áit a bhfuil ‘réimse comhthéacsanna, machnamh criticiúil agus rogha’ ar fáil, (Sonraíocht 135 uair an chloig, lch.4).

Tá cuimsiú i gcroílár an Chorpoideachais, sna roghanna curaclaim roimhe seo agus sa tsonraíocht nua 135 uair. Thacaigh foireann Chorpoideachais SSM le cleachtas chuimsitheach sa Chorpoideachas trí FGL agus trí ceardlanna roghnacha.

FGL 2021/2022

Mar chuid de FGL 2021/2022, dhírigh seisiún 3 ar dhaltaí a bhíonn ag plé leis an Sraith Shóisearach ag Leibhéal 2 a chuimsiú i gceachtanna corpoideachais príomhshrutha. Is féidir na hacmhainní gaolmhara go léir a fháil ar ár leathanach Genially.



*Cliceáil ar na íomhá
chun rochtain a fháil ar an acmhainn*

Corpoideachas

Daltaí a bhíonn ag plé le CFL2 sa Chorpoidéachas:

Físeán 1

Thaispeáin **an físeán seo** cur chuige na scoile seo maidir le pleanáil don chuimsiú sa Chorpoidéachas do scoláirí atá ag gabháil do chlár Leibhéal 1 agus/nó Leibhéal 2. Chuala muid ó na páirtithe leasmhara éagsúla ar nó comhordaitheoir RSO, Ceannaire an Corpoideachais agus an múinteoir ranga mar a chinntíonn cur chuige iomlánaíoch rath an chur chuige chuimsithigh.

Físeán 2

Thaispeáin **an físeán seo** cur chuige na múinteoirí ranga maidir le gnéithe ó ATFanna Leibhéal 2 a áireamh sa cheacht taobh le torthaí foghlama ó shonraíocht Leibhéal 3. Baineadh úsáid as an bhfoghlaim shrathach chun a chinntiú gur tugadh dúshlán cuí do na scoláirí ar fad sa cheacht agus go raibh deiseanna ag gach scoláire a gcuid foghlama a chur chun cinn.



Cliceáil ar na híomhanna thuas chun rochtain a fháil ar fhíseán 1 agus ar fhíseán 2

Seimineár Gréasáin Roghnacha:

Fómhar 2021 agus 2022

Ag an seimineár gréasáin a reáchtáladh i bhFómhar 2021, chulamar guth an mhúinteora ó scoileanna speisialta agus ó scoileanna príomhshrutha araon atá ag déanamh an ghearrchúrsa TSCS lena gcuid daltaí ó Leibhéal 2 agus Leibhéal 3. Bhí an dara seimineár ar siúl i bhFómhar 2022, agus múinteoirí ón mbliain roimhe sin ina dhiaidh sin. FGL féachaint conas a chuaigh siad chun cinn a gcleachtas cuimsitheach lena gcuid daltaí.

Is féidir teacht ar na taifeadtaí gaolmhara agus ar Phadlets do gach seimineár gréasáin thíos:

Seimineár Gréasáin 1: Fómhar 2021 -
Padlet agus Taifeadadh

Seimineár Gréasáin 2: Fómhar 2022 -
Padlet agus Taifeadadh

Inclusive practice in Physical Education				
Activity 1 What are the strengths of your practice in Physical Education, in relation to inclusion? Assessment at all events the length. Inclusion including expectations and progression of activities across periods. Open to all ideas. Links with Special Olympics and Para in Tallis Able to modify games very quickly if some students are not as confident as others and it is to have someone as treated and others as possible. Using with the inclusion of ability in teacher to deliver a PE programme.	Activity 2 What have I identified that would enhance my practice to support inclusion? Peer Teaching Integration of A&P with students with mainstream classes. Modified games and activities. Adapted equipment. Rich tasks that have layers of involvement. Peer teaching and peer assessment. Integration into learning and assessment. Understanding the DEPS.	Activity 3 How might planning support effective inclusion? Inclusion assuming you have a plan B and C just in case the first doesn't work. Helps teacher see where links are between the curriculum documents & how teacher can make the learning experience meaningful for ALL students in order to achieve associated learning outcomes. It allows to create a culture for a range of abilities and to prepare non-participation roles. Each strand can offer learning opportunities both at L2 & L3 where there is a link in the learning outcomes that each cohort can access, this can be incorporated by planning.	Activity 4 What do you think should be included on a PE Special Education equipment list? A positive equipment which all students can use, rather than offering an option piece of equipment which is specifically targeted to a student with a disability. Adaptable equipment and use this to enhance teaching and learning of all students. Search tools which focus on other senses and use touch to compensate for hearing and sight through other students' experiences. Balloons Short and low balance beam. Ball with a soft surface. Equipment Balloons Soft ball.	Additional thoughts, comments, feedback or useful resources New idea for a H&ET worksheet! A&P - SEN-SELF-REGULATION. Links pages. Additional thoughts, comments, feedback or useful resources. Consultation for new specification closes on 5th November.

Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach



Tá sé mar aidhm ag na hEalaíona sa tSraith Shóisearach múinteoirí na sraithe sóisearaí i ngach ábhar a spreagadh, tacú leo agus iad a chumasú chun dul i ngleic leis na healaíona agus leis an bhfoghlaim agus cur lena saol dá réir. Déanaimid ár ndícheall deiseanna agus eispéiris chuimsitheacha a fhorbairt trí imeachtaí inrochtana a chuireann ar chumas gach duine páirt iomlán a ghlacadh.

Sheol foireann na nEalaíon sa tSraith Shóisearach a gclár Roghnach Samhraidh 2023 do mhí an Mheithimh. Tá na ceardlanna seo ar fáil do mhúinteoirí ó gach disciplín ábhair. Tá réimse leathan ceardlann thar lá amháin, dhá lá agus trí lá in áiteanna éagsúla ar fud na tíre, ag tairiscint rogha iontach de cheardlanna ó thaithí i gcomhpháirtíocht le healaíontóirí ó fhoirmeacha ealaíne éagsúla.

Chun coinneáil suas chun dáta leis an méid atá ar fáil don earrach agus don samhradh, cláraigh **dár liosta seachadta** agus má tá aon cheist agat ná bíodh aon leisce ort ríomhphost a sheoladh chugainn ag info@artsinjuniorcycle.ie

Tugaimid cuireadh duit freisin breathnú ar ár **suíomh gréasáin** áit a bhfaighidh tú podchraoltaí agus gearrscannáin ina mbíonn réimse de chleachtóirí na n-ealaíon éagsúil ag caint linn faoina gcuid oibre – na cineálacha ceisteanna a chuireann siad orthu féin, an taighde a dhéanann siad, an chaoi a dtéann siad i ngleic le réiteach fadhbanna agus conas a chuireann siad a dteachtairacht in iúl do lucht féachana. Tá rud éigin ann i ndáiríre do gach duine anseo chun fiosracht a spreagadh agus chun inspreagadh a fháil! Cuimsíonn ár n-eispéiris foghlama gairmiúla prionsabail agus príomhscileanna Chreat na Sraithe Sóisearaí, ag tairiscint réimse leathan eispéiris foghlama do chách agus ag cur deiseanna ar fáil do rannpháirtithe a bheith cruthaitheach agus nuálach. Táimid ag tnúth le bualadh leat!



*Clliceáil ar na íomhá thuas
chun dul chuig an suíomh gréasáin*



Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach Ceardlanna Roghnacha don Samhradh 2023



Teideal	Ceardlann	Dáta & Áit	I gcomhpháirt le
Translations	Introduction to Socially Engaged Art	Dé Máirt 6 Meitheamh Stoneyford Community Centre, Co. Chill Chainnigh	Arts Office Kilkenny County Council
Rhythm & Moves	Dance Workshop	Dé Máirt & Dé Céadaoin 6 & 7 Meitheamh Irish World Academy of Music & Dance, Ollscoil Luimnigh	IRISH WORLD ACADEMY OF MUSIC AND DANCE DÁMHI CHIRIUNNE ÉIREANN SINCE AGOS 2002
Lights, Camera, Action!	A Film Production Workshop	Dé Céadaoin, Déardaoin & Dé hAoine, 7, 8 & 9 Meitheamh Ionad Oideachais Chill Chainnigh	YIFM Young Irish Film Makers
The Magic of Musicals	Musical Theatre Workshop	Déardaoin & Dé hAoine, 8 & 9 Meitheamh Gaiety School of Acting, Baile Átha Cliath	GSA GAIETY SCHOOL OF ACTING
Contemporary Life Drawing	Life Drawing Workshop	Dé Luain & Dé Máirt 12 & 13 Meitheamh Royal Hibernian Academy of Arts, Baile Átha Cliath	RHA ROYAL HIBERNIAN ACADEMY OF ARTS
Your Story Starts Here	Creative Writing Workshop	Dé Luain & Dé Máirt 12 & 13 Meitheamh Museum of Literature Ireland, Baile Átha Cliath	MOLI Museum of Literature Ireland
Unearthing the Past	A Hands-On Archaeology Experience	Dé hAoine, 16 Meitheamh Bective Abbey, An Mhí	SIA THE SCHOOL OF IRISH ARCHAEOLOGY Exploring the Past with our Future
Figurative Oil Painting	Oil Painting Workshop	Dé Luain & Dé Máirt 19 & 20 Meitheamh Royal Hibernian Academy of Arts, Baile Átha Cliath	RHA ROYAL HIBERNIAN ACADEMY OF ARTS
Do Your Own Thing!	Explore the Creative Process through word and image	Déardaoin & Dé hAoine, 22 & 23 Meitheamh Irish Museum of Modern Art, Baile Átha Cliath	IMMA ÁRAS NA hEALÁINE IRISH MUSEUM OF MODERN ART



www.artsinjuniorcycle.ie

[@JuniorCycleArts](https://www.instagram.com/JuniorCycleArts)

Chun clárú do cheardlann cliceáil ar an íocón nó scanadh an cód QR

Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach



ETI(E)M sa tSraith Shóisearch



Is í an fhís don ETI(E)M sa tSraith Shóisearach eispéiris shaibhir ETI(E)M FGL a chur ar fáil do mhúinteoirí na sraithe sóisearaí de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr; Leis an soláthar seo, beifear in ann freagairtí idirdhisciplíneacha a thabhairt ar dhúshláin shochoíocha i gcomhthéacsanna ábhair, sonracha agus traschuraclaim.

Is é seo an dara bliain den tionscnamh 'ETI(E)M á Chur i nGníomh i Scoileanna'. Seoladh ar dtús é chun tacú tuilleadh le forbairt smaointeoireachta ETI(E)M i scoileanna, toisc gur thug na torthaí foghlama sna sonraíochtaí deis do mhúinteoirí cabhrú le scoláirí foghlaim sa seomra ranga a nascadh le comhthéacsanna an tsaoil mhóir.

I mí Mheán Fómhair 2022, thug foireann SSM ETI(E)M cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh sa tionscnamh. Roghnaíodh os cionn 30 scoil as gach cearn den tír agus rinneadh ionadaíocht ar gach réigiún sa tionscnamh seo. I measc na roghanna bhí meánscoileanna, gairmscoileanna, scoileanna pobail agus scoileanna cuimsitheacha. I measc an réimse scoileanna a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh bhí scoileanna measctha, aonghnéis, scoileanna speisialta, scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad agus cuireadh tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí chun freastal ar riachtanais agus ar chumais foghlama éagsúla a gcuid scoláirí. I mbliana, fuair an tionscnamh tacaíocht ó fhoirne na n-Ábhar, na gClár Foghlama CFL1/CFL 2 agus na Folláine.

Thug an tionscnamh 'ETI(E)M á Chur i nGníomh i Scoileanna' am agus deis do mhúinteoirí comhoibriú idir múinteoirí ar scoil ó dhisciplíní ábhair éagsúla. Bhí anáthas orainn múinteoirí Eolaíochta, Mata, Teicneolaíochtaí, Tíreolaíochta, Amharc-Ealaíne, Béarla agus Eacnamaíocht Bhaile a bheith linn.

Tugadh deis do mhúinteoirí a dtuiscint ar ETI(E)M a dhoimhniú agus smaoineamh ar bhealaí chun rogha agus guth na scoláirí a spreagadh. Tugadh tacaíocht do na múinteoirí chun cabhrú le scoláirí naisc bhríocha agus bharántúla a dhéanamh idir an fhoghlaim in ábhair éagsúla. Mar thoradh air sin, chuir scoláirí agus múinteoirí i bhfeidhm ina scoil Tionscadal beag ETI(E)M á Chur i nGníomh, agus tugadh tacaíocht do scoláirí foghlaim sa seomra ranga a nascadh le saincheisteanna agus le fadhbanna sochoíocha an tsaoil mhóir.

ETI(E)M sa tSraith Shóisearch



I mí Aibreáin 2023, d'fhreastail grúpa ionadaithe ar a raibh scoláirí agus mhúinteoirí ó gach scoil ar an ócáid 'Ceiliúradh na Foghlama' sa Tulach Mhór. Deis a bhí anseo do mhúinteoirí agus do scoláirí a gcuid foghlama a roinnt óna rannpháirtíocht sa tionscnamh seo agus iniúchadh a dhéanamh ar thionscadail eile ETI(E)M á Chur i nGníomh. Tugadh deis do scoláirí agus do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar a dtaithí féin maidir le páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ETI(E)M i rith an lae. Ghlac scoláirí páirt i réimsí éagsúla trína dtionscadail ghnímh, lena n-áirítear bithéagsúlacht, tógáil a nglasbhealaigh áitiúil, lárionaid sonraí, mearfhaisean agus inbhuanaitheacht, slándáil bhia, fuinneamh inbhuanaithe, agus uisce. Bhí gach tionscadal ina léiriú ar chomhthéacs a scoile féin de réir mar a rinne scoláirí naisc le dúshlán sochaíoch a bhain lena bpobal áitiúil scoile. Rinne go leor de na scoileanna naisc lena bpobal áitiúil agus rinne cuid acu naisc le gnólachtaí áitiúla agus le bunscoileanna.

Tugadh deis do scoláirí agus do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i níos mó foghlama agus smaointeoireachta ETI(E)M, a bhuí lenár gcomhpháirtithe ETI(E)M, ADAPT, AMGEN, BIAZA agus Scoileanna Domhanda WorldWise, a d'óstáil ceardlanna ar an lá.

Tá tuilleadh eolais agus **roinnt acmhainní** ar fáil ar ár suíomh gréasáin. D'fhéadfaidís a bheith úsáideach chun smaointeoireacht ETI(E)M a spreagadh i do sheomra ranga.



Dathanna

Is glas iad na cnoic atá i bhfad uainn,
Is gorm iad na tonnta i gcéin,
Nach buí iad na bláthanna sléibhe,
Nach bán iad an eala is an néal.
Is dearg í an tine agus fearg uirthi,
Is liath é an cat ina shuí,
Nach corcra é an bláth ar an bportach,
Nár bh iontach é an saol mar a bhí.
Is dubh í an oíche sa gheimhreadh,
Is geall iad na réaltaí sa spéir,
Nach órga é an solas sa samhradh,
Nach uaine mo chos insan fhéar.
Is donn iad mo shúile sa scáthán,
Is bán iad na fiacla i mo bhéal,
Nach deas le Dia na dathanna,
Cibé cén dath atá ort féin!

Patricia Forde



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers

Monaghan Education Centre,
Armagh Road,
Monaghan.
+353 (0) 47 74008



[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)



<http://www.jct.ie>